2026/1891

31.7.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1891 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena ndéantar dochar don tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/1892 ón gComhairle an 30 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532 ([2]) agus Rialachán (AE) 2023/1529 ([3]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua.

(2) An 14 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1336 ([4]) lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2023/1532 agus lenar leathnaíodh raon feidhme na mbeart sriantach chun daoine a chumhdach a sholáthraíonn nó a dhíolann diúracáin nó aerárthaí gan foireann na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh, nó atá bainteach ar shlí eile lena n-aistriú, chuig grúpaí armtha agus eintitis a dhéanann dochar don tsíocháin agus don tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, nó ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(3) I bhfianaise thromchúis na staide, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na hIaráine lena ndéantar dochar don tsaoirse loingseoireachta, lena n-áirítear an ceart gluaiseachta idirthurais agus an ceart gluaiseachta neamhurchóidí, sa Mheánoirthear, ghlac an Chomhairle, an 22 Bealtaine 2026, Cinneadh (CBES) 2026/1157 ([5]) lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2023/1532 chun bearta sriantacha breise a thabhairt isteach maidir leis an Iaráin agus chun teideal an Chinnidh sin a leasú.

([1]) IO L, 2026/1892, 31.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1892/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear (IO L 186, 25.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1529/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2024/1336 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (IO L, 2024/1336, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1336/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2026/1157 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L, 2026/1157, 26.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1157/oj).

(4) An 30 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1892, lena dtugtar isteach maolú ar an toirmeasc ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus bogearraí áirithe lena n-úsáid san Iaráin na hearraí agus bogearraí a bhfuil gá leo chun críoch sonrach ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát san Iaráin, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, go háirithe chun iarratais ar víosaí a phróiseáil.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2, leasaítear Rialachán (AE) 2023/1529, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar don cheanglais údarúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/821, i gcás inarb infheidhme, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a chur faoi bhealach nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann chun na gcríoch seo a leanas:

(a) críocha leighis nó cógaisíochta; nó

(b) críocha daonnúla, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(c) cuspóirí oifigiúla ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát san Iaráin, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE